Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

15875/23

LIMITE

FISC 268
ECOFIN 1264

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) le linn Uachtaránacht na Spáinne – Formheas |

1. I gcomhréir leis an sainordú atá aici, tuairiscíonn an Mheitheal um an gCód Iompair go tráthrialta don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh aici ina cuid oibre. Leagtar amach in 15757/23 + ADD 1-12 an tuarascáil leathbhliantúil is déanaí ón Meitheal um an gCód Iompair chuig an gComhairle.

2. Rinneadh scrúdú ar dhréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Spáinne agus ag an gcruinniú den Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) an 22 Samhain 2023. Tacaíonn na toscaireachtaí go léir leis an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle (Ecofin) na conclúidí seo a ghlacadh mar mhír 'A' an 8 Nollaig 2023.

PUBLIC

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)**

**le linn Uachtaránacht na Spáinne**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair le linn Uachtaránacht na Spáinne, go háirithe maidir leis an athbhreithniú a rinneadh ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha i mí Dheireadh Fómhair 2023; FORMHEASANN SÍ tuarascáil na Meithle mar a leagtar amach in 15757/23 + ADD 1-12 í; FORMHUINÍONN SÍ an pacáiste oibre ilbhliantúil nua a leagtar amach in 13649/23.

2. FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe ar na tréimhsí neamhghníomhaíochta arna gcomhaontú ag an Meitheal agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar thréimhsí neamhghníomhaíochta agus ar chur chun feidhme an rollta siar; FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an plé leanúnach maidir leis an bpróiseas fógartha; FORMHUINÍONN SÍ na measúnuithe maidir le héifeachtaí iarbhír na mbeart aonair mar a chomhaontaigh an Mheitheal agus IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar na bearta aonair sin;

3. FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI éifeacht dhearfach an Chóid Iompair agus obair na Meithle maidir le cleachtais chánach dhíobhálacha a laghdú agus maidir leis an laghdú ar chórais chánach fhabhracha a laghdú san Aontas agus ar fud an domhain mhóir; IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint d’idirphlé éifeachtach leis na dlínsí agus leanúint den fhaireachán, ionas go leanfaidh na dlínsí dá ngealltanais faoi seach a chomhlíonadh agus critéir liostaithe an Aontais i gcomhréir leis na spriocdhátaí a comhaontaíodh a chomhlíonadh;

4. FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go háirithe an dul chun cinn atá déanta ag dlínsí a chuir an t-athchóiriú ar a gcórais maidir le díolúine ioncaim ó fhoinse eachtrach i gcrích laistigh den spriocdháta a moladh agus an t-idirphlé atá ar siúl faoi láthair le roinnt dlínsí eile atá i mbun athchóiriú a dhéanamh ar a gcórais maidir le díolúine ioncaim ó fhoinse eachtrach; agus FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI freisin an dul chun cinn a rinneadh maidir le dlínsí cánach nach ngearrann cáin nó nach ngearrann ach cáin ainmniúil i gcomhthéacs faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gceanglas maidir le tábhacht eacnamaíoch faoi chritéar 2.2 agus le dlínsí ábhartha i ndáil le cur chun feidhme chaighdeán íosta frith-BEPS i dtaca le tuairisciú de réir tíre (critéar 3.2) agus maidir le cur chun feidhme an mhalartaithe faisnéise arna iarraidh sin (critéar 1.2);

5. FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn maidir le critéar 1.4 a bheidh ann amach anseo maidir le faisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil; IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair chun úinéireacht thairbhiúil a ionchorprú mar cheathrú critéar maidir le trédhearcacht cánach;

6. IARRANN SÍ ar an Meitheal leanúint den obair ar an meastóireacht ar na bearta cosanta i réimse na cánach i leith dlínsí neamh-chomhoibríocha, i gcomhréir leis an Treoir a comhaontaíodh, agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle maidir leis an dul chun cinn breise a dhéanfar sna réimsí sin;

7. FORMHUINÍONN SÍ an síneadh le raon feidhme geografach chleachtas scagtha agus liostaithe an Aontais ó 2024 ar aghaidh, arna chomhaontú ag an Meitheal;

8. IARRANN SÍ ar an Meitheal dul i dteagmháil le dlínsí ábhartha nach ndearnadh measúnú go fóill orthu i ndáil le caighdeáin íosta frith-BEPS i dtaca le tuairisciú de réir tíre (critéar 3.2);

9. IARRANN SÍ ar an Meitheal tuarascáil ar a cuid oibre a thabhairt don Chomhairle le linn Uachtaránacht na Beilge.

PUBLIC